

An Foras Taighde ar Oideachas

Plean Straitéiseach 2019-2021

**Educational
Research Centre**
Foras Taighde ar Oideachas

Clár

Buíochas	2
Brollach	3
Liosta na n-acrainmneacha agus na ngiorrúchán	4
Achoimre ar Phlean Straitéiseach an Fhorais Taighde ar Oideachas (FTO)	5
Réamhrá	8
Forbairt an Phlean Straitéisigh	12
Fís straitéiseach	12
Misean	12
Luachanna	13
Treoirphrionsabail	13
Tréimhsí na straitéise	16
Spriocanna agus torthaí 2019-2021	17
Gníomhaíochtaí 2019-2021	19
Gníomhaíochtaí a bhaint amach	22
Athbhreithniú agus monatóireacht	28
Aguisín: An liosta comhlachtaí agus gníomhaireachtaí a fuair cuireadh an plean a athbhreithniú	29

Buíochas

Is léiriú é an plean straitéiseach seo ar iarracht chomhoibríoch i measc na foirne sa bhForas Taighde ar Oideachas (FTO), agus iad ag obair i gcomhpháirt le Rannóg Lárionad Beartas (RLB) na Roinne Oideachais agus Scileanna (ROS). Is mian linn ár mbuíochas a chur in iúl don ionchur ó Neville Kenny agus ó Robert Kelly (RLB) mar aon leis na díospóireachtaí cabhracha le Seán Ó Foghlú, Ard-Rúnaí na ROS, Harold Hislop (Príomhchigire) agus Evelyn O'Connor (An Rannóg Beartas um Churaclam agus Measúnacht, BCM) nuair a bhí an plean á fhorbairt agus á bheachtú.

Táimid go mór faoi chomaoin ag baill ár mBord Rialachais, an Dochtúir Pauric Travers (Cathaoirleach), Éamonn Murtagh, an Dochtúir Denise Burns agus an Dochtúir Michael Martin dá n-ionchur i ndrúchtú agus i gcríochnú an phlean straitéisigh.

Is mian linn aitheantas agus buíochas a léiriú do na gníomhaireachtaí agus na heagraíochtaí a chuir aiseolas ar fáil ar dhréacht fhorbartha den phlean. Tá liosta na ngníomhaireachtaí a rabhthas i gcomhairle leo faoin bplean ar fáil san Aguisín.

Mar fhocal scoir, ár mbuíochas don Dochtúir Nicolas Marcoux ón bhForas Riaracháin (FR) a chur saintreoir ar fáil ar structúr agus ar leagan amach an phlean straitéisigh.

Brollach

Is díol suntais é an chéad phlean straitéiseach ag an FTO. Cé go bhfuil an Foras ann le breis agus caoga bliain, níor bunaíodh é mar chomhlacht reachtúil neamhspleách go dtí mí Mheán Fómhair 2015, faoi alt 54 den Acht Oideachais, 1998. Ó shin i leith tá sé ag dul trí phróiseas aistrithe ó thaobh rialachais agus struchtúr. Díríonn an plean straitéiseach seo ar dhá ghné an aistrithe agus an traidisiúin agus tógtar ag an am céanna ar a bhfuil bainte amach chun freagairt do na tosca oideachasúla, sóisialta agus digiteacha atá ag teacht chun cinn.

Is cuid thábhachtach dár n-infreastruchtúr oideachais náisiúnta é an Foras Taighde ar Oideachas. Tá sé mar aidhm ag an bplean seo a dheimhniú go leanfar mar sin. Tá sé mar chroí-dhúshlán ag aon chóras oideachais na torthaí is fearr a fháil do dhaltáí aonair agus don sochaí i gcoitinne laistigh de na hacmhainní atá ar fáil. Is féidir agus ba chóir go mbeadh tionchar ag taighde agus meastóireacht oideachais dea-cheaptha ar iliomad gnéithe lena n-áirítear míbhuntáiste oideachais, riachtanais speisialta oideachais, comhionannas inscne, measúnú, an Ghaeilge agus gnóthachtáil scoláirí.

Tá comhairliúchán leis na páirtithe leasmhara mar ghné thábhachtach den phlean agus léiríonn sé mian an FTO caidrimh chomhoibríocha agus fhreagracha a thógáil de réir a chéile lena iliomad páirtithe leasmhara.

Táim ag súil le feidhmiú an phlean le linn a shaolré (2019-2021) agus le bheith ag obair le foireann, páirtneirí agus comhoibríthe an FTO chun a rath a dheimhniú.

Pauric Travers

An Dochtúir Pauric Travers

Cathaoirleach an Bhoird

Liosta na n-acrainmneacha agus na ngiorrúchán

BCM (CAP)	An Rannóg Beartas um Churaclam agus Measúnacht, ROS
RLB (RLB)	An Rannóg Lárionad Beartas, ROS
OCBÁC (DCU)	Coláiste Ollscoile Chathair Bhaile átha Cliath
DEIS	Comhionannas Deiseanna sna Scoileanna a Sheachadadh
ROS (DES)	An Roinn Oideachais agus Scileanna
FTO (ERC)	An Foras Taighde ar Oideachas
CIM (IEA)	An Cumann Idirnáisiúnta um Meastóireacht ar an nGnóthachtáil Oideachasúil
IJE	Irish Journal of Education (Irisleabhar an FTO)
IO (IoE)	Institiúid Oideachais, DCU
FR (IPA)	An Foras Riaracháin
MNMLB (NAMER)	Measúnú Náisiúnta ar Mhatamaitic agus ar Léitheoireacht Bhéarla
CNCM (NCCA)	An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
CNOS (NCSE)	An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta
ECFE (OECD)	An Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta
CMIIA (PIAAC)	An Clár um Measúnú Idirnáisiúnta ar Inniúlachtaí Aosach
SLLI (PIRLS)	Staidéar ar Dhul Chun Cinn sa Litearthacht agus Léamh Idirnáisiúnta
CIMD (PISA)	An Clár Idirnáisiúnta um Measúnú Daltaí
STIME (TIMSS)	Staidéar ar Threochtaí Idirnáisiúnta sa Mhatamaitic agus san Eolaíocht

Achoimre ar Phlean Straitéiseach an Fhorais Taighde ar Oideachas (FTO)

Fís Straitéiseach

Sármhaitheas maidir le taighde, meastóireacht agus measúnú oideachais a dhéanamh agus a thacú.

Misean

1. Taighde, measúnú agus staidéir mheastóireachta náisiúnta agus idirnáisiúnta, coimisiúnaithe agus ginte go neamhspleách, a bhíonn tráthúil, so-aimsithe agus ábhartha, ar gach gné den oideachas agus ag gach leibhéal den chóras oideachais, a dhéanamh agus a scaipeadh
2. Measúinuithe ardcháilíochta a fhorbairt agus seirbhísí tacaíochta láidre don mheasúnú a sholáthar do scoileanna agus do lárionaid oideachais
3. Comhoibriú le heagraíochtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta chun foghlaim a roinnt agus chun acmhainn agus saineolas a fhorbairt i ngach ceann de na réimsí thuasluaite.

Luachanna

1. Tá ardluach againn ar cháilíocht, ábharthacht, inrochtaineacht agus tionchar ár gcuid oibre
2. Tá luach againn ar iontaoibh agus muinín an phobail ionainn agus táimid tiomanta do sheasamh leis an muinín sin
3. Tá luach agus meas againn ar fhoghlaiméoirí, tuismitheoirí, oideachasóirí agus páirtithe leasmhara, agus ar a chéile freisin
4. Tá luach againn ar an infheistiú i saineolas, tacaíocht agus folláine na foirne
5. Tá ríthábhacht dar linn ag baint le hobair bhuíne, le caidrimh agus le hobair chomhoibríoch
6. Táimid tiomanta do luachanna na seirbhíse poiblí¹.

¹ Mar atá léirithe, mar shampla, san [Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stát a Rialú](#).

Treoirphrionsabail

1. Cáilíocht, ábharthacht agus tionchar
2. Cothromaíocht idir inbhuanaitheacht agus forbairt
3. Ailiniú le tosaíochtaí náisiúnta, a mbíonn forbairtí náisiúnta agus idirnáisiúnta mar bhonn leo
4. Spiorad comhoibríoch i gceannaireacht agus in obair bhuíne
5. Ionchuimsitheacht agus meas.

Tréimhsí na straitéise



Spriocanna agus torthaí 2019-2021

Eascaíonn ár spriocanna ó thrí chuspóir ardleibhéal:

1. Ár mbonn foirne agus ár dtimpeallacht fhisiceach a chobhsú agus a fheabhsú
2. Cur chuige inbhuanaithe agus straitéiseach a ghnóthú maidir le rialacha a fhorbairt, anailís, agus taighde coimisiúnaithe agus ginte go neamhspleách
3. Leanúint le struchtúir rialachais láidre agus trédhearcacha a fhorbairt agus a fheabhsú.

Spríocanna

1. Tógáil ar an athbhreithniú neamhspleách ar ár struchtúr foirne agus eagraíochta chun ár mbonn foirne a chobhsú agus a fheabhsú
2. Struchtúr inbhuanaithe uileghabhálach a bhaint amach chun an clár oibre a phleanáil
3. Tuilleadh acmhainne agus saineolais a fhorbairt i measc na foirne
4. Cothromaíocht níos fearr a bhaint amach idir taighde coimisiúnaithe agus taighde a ghintear go neamhspleách
5. Straitéis a bhunú do ghníomhaíochtaí anailíse agus modheolaíochta
6. Oibriú leis an ROS agus le páirtnéirí eile, chun straitéis a bhunú le trialacha agus measúnachtaí an FTO a fhorbairt agus a leasú
7. Feabhsuithe a aithint agus a dhéanamh ar ár n-aschuir (tuairiscí, láithreán gréasáin, trialacha agus na hábhair tacaíochta a ghabhann leo)
8. Oibriú leis an ROS agus le OCBÁC, chun comhaontú leibhéal-seirbhíse fadtéarma a bhunú idir an FTO agus OCBÁC
9. Tús a chur leis na feabhsuithe is gá a dhéanamh ar infreastruchtúr fisiceach agus teicneolaíochta an FTO
10. Ár struchtúir rialachais a threisiú.

Torthaí

1. Leibhéal foirne feabhsaithe le hardleibhéil folláine, rannpháirtíochta agus éifeachtachta
2. Clár oibre dea-phleanáilte, struchtúrtha a sholáthraíonn na spríocanna go leibhéal ardcháilíochta ar bhonn leanúnach
3. Foireann a oibríonn i gcomhar le chéile chun leibhéil saineolais a fheabhsú de shíor
4. Corpas méadaitheach taighde agus anailíse a ghintear go neamhspleách ar mhodheolaíochtaí atá ag teacht chun cinn agus ar choincheapanna atá tagtha chun tosaigh agus a mbíonn ionchur acu ina dhiaidh sin i bhfeabhsuithe ar thaighde coimisiúnaithe
5. Sraith tosaíochtaí a bhíonn sainmhínithe go soiléir chun dul chun cinn comhtháite agus forbairt ar anailís agus ar ghnéithe modheolaíochta eile dár gcuid oibre a threorú
6. Sraith measúnachtaí ardcháilíochta agus ábhartha a uasdátaítear go rialta, a bhíonn ag teacht le barrchleachtas idirnáisiúnta agus a fheastalaíonn ar riachtanais an chórais, mar aon le riachtanais scoileanna, múinteoirí, tuismitheoirí agus foghlaimeoirí
7. Tuarascálacha agus aschuir den scoth, ar féidir teacht orthu go héasca (m.sh. trialacha agus na hacmhainní tacaíochta a ghabhann leo) agus a bhfuil ciall agus tionchar ag baint leo
8. Comhaontú leibhéal-seirbhíse le OCBÁC a chruthaíonn struchtúr agus seasmhacht do phárolla, pinsean, leabharlann agus do sheirbhísí riachtanacha eile
9. Ionad atá feabhsaithe go rímhór ó thaobh timpeallachtaí na n-infreastruchtúr fisiceach agus teicneolaíochta le cur ar chumas na foirne obair den scoth a sholáthar ar bhealach éifeachtach
10. Eagraíocht a léiríonn lán-chomhlíontacht le Cód Cleachtais 2016 agus a chloíann le riachtanais a máthaireagraíocht, an Roinn Oideachais agus Scileanna (ROS).

Réamhrá

Bunaíodh an Foras Taighde ar Oideachas (FTO) i 1966 agus rinneadh gníomhaireacht reachtúil neamhspleách de chuid na Roinne Oideachais agus Scileanna de i mí Mheán Fómhair 2015. Dá réir sin, caithfidh an FTO raon riachtanas a chomhlíonadh, lena n-áirítear plean straitéiseach a fhorbairt. Bunaíodh Bord Rialachais don FTO bliain shin nuair a rinneadh comhlacht reachtúil de. Tharla sé seo ag an am céanna le bunú na hInstitiúide Oideachais (IO) in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (OCBÁC) a chlúdaíonn Coláiste Phádraig, Droim Conrach, Institiúid Oideachais Mater Dei, Coláiste Oideachais Eaglais na hÉireann agus Scoil Léann an Oideachais OCBÁC².

In ainneoin an FTO a bheith ina chomhlacht reachtúil le beagán os cionn trí bliana, níl plean straitéiseach foilsithe aige go fóill. D'fhéadfadh go mbaineann sé seo le haistriú casta agus leanúnach (a bhaineann go príomha le bunú an FTO mar chomhlacht reachtúil neamhspleách agus comhlíontach agus, ina dhiaidh sin, le bheith ag plé leis na socruithe atá ag athrú idir an FTO agus OCBÁC). Rinne Bord Rialachais an FTO forbairt an phlean straitéisigh a aithint mar phríomhghné d'aistriú agus de dhaingniú na heagraíochta chuig comhlacht reachtúil neamhspleách.

Tá obair an FTO treoraithe ag an misean agus na feidhmeanna atá leagtha amach san Ionstraim Reachtúil³. Déantar idirdhealú san Ordú Bunaíochta (IR 392 de 2015) idir dhá chuspóir de chuid an Fhorais:

- Seirbhís tacaíochta don mheasúnú a sholáthar do scoileanna agus do lárionaid oideachais
- Taighde neamhspleách a dhéanamh, coimisiúnaithe agus tionscanta ag an bhForas féin, ar gach gné den oideachas ag gach leibhéal den chóras oideachais.

Cé nach bhfuil an Ghaeilge luaite go sonrath san Ordú Bunaíochta (IR 392 de 2015), tá tiomantas i gclár oibre agus i bpleanáil straitéiseach an FTO do thaighde, meastóireacht agus measúnú na Gaeilge.

San Ordú Bunaíochta (Airteagail 8 agus 9) luaitear liosta gníomhaíochtaí nach bhfuil uileghabhálach i gcomhréir le cur chun cinn chuspóirí feidhme an FTO. Is léiriú é fairsinge an liosta ar na hilsnáitheanna oibre agus ar an gcomhoibriú is gá idir an FTO agus na codanna éagsúla den chóras oideachais. Áirítear a chur ar chumas scoileanna leibhéal ghnóthachtála agus caighdeán acadúla scoláirí a mheas agus tuairisciú go córasach orthu seo; cuidiú le scoileanna riachtanas speisialta oideachais dhaltaí aonair a aithint; measúnuithe náisiúnta agus idirnáisiúnta a dhéanamh ar ghnóthachtáil oideachais agus na sonraí seo a stóráil go slán agus a thuairisciú; a bheith páirteach i meastóireachtaí clár; taighde neamhspleách (féin-) tionscnaithe a dhéanamh; acmhainn a thógáil; ionadaíocht ar bhoird chomhairleacha náisiúnta agus idirnáisiúnta; seirbhísí comhairleoireachta a sholáthar; agus comhoibriú le comhlachtaí eile de réir mar is cuí.

Tá cur síos ar Chlár Oibre mionsonraithe an FTO in áit eile (féach <http://www.erc.ie/programme-of-work/>). Faoi láthair níl aon taighde, meastóireacht ná measúnú á dhéanamh ag an FTO ag na leibhéil réamh-bhunscoile ná iar-mheánscoile, cé go ndearnadh a leithéid cheana. Tá ról ag an

2 Chun leanúnachas seirbhísí agus caidreamh a choinneáil idir an FTO agus OCBÁC, an Institiúid Oideachais nua-bhunaithe san áireamh, rinneadh Comhaontú Aistrithe dhá-bhliain (síneadh bliana curtha leis ina dhiaidh sin) a dhréachtadh. Chun leas na foirne san FTO a chosaint, rinne an ROS, FTO, Coláiste Phádraig (mar a bhí), agus Cónaidhm Éireannach na Múinteoirí Ollscoile, Comhaontú Foirne a dhréachtadh agus a aontú.

3 Féach IR 392/2015 An Foras Taighde ar Oideachas (Bunú) Ordú 2015, agus leasuithe ina dhiaidh sin in [An Foras Taighde ar Oideachas \(Bunú\) \(Leas\) Ordú 2017](#).


eagraíocht, áfach, sa Chlár um Measúnú Idirnáisiúnta ar Inniúlachtaí Aosach (CMIIA) na hECFE mar ionadaí na hÉireann ar a Bhord Rialaithe Idirnáisiúnta.

Is féidir gníomhaíochtaí agus obair an FTO a ghrúpáil i seacht gcinn de shnáitheanna:

1. Maoirseacht, soláthar agus tuairisciú go náisiúnta ar mheasúnachtaí mórsála idirnáisiúnta⁴
2. Bainistiú, maoirsiú agus tuairisciú ar mheasúnachtaí mórsála náisiúnta⁵
3. Cur le polasaí ar, agus le meastóireacht a bhaineann le, míbhuntáiste oideachasúil
4. Trialacha a fhorbairt, a chaighdeánú agus a thacú (formáid pháipéar agus ar líne araon)
5. Meastóireacht clár
6. Tacaíocht anailíseach do shonraí⁶
7. Taighde a ghintear go neamhspleách.

Faoi láthair, tá faomhadh ag an FTO do 38.5 ball foirne (coibhéis lánaimseartha 35.55) agus tá sé á rialú ag Bord Rialaithe agus ag Coiste Iniúchóireachta agus Riosca (tá baill an Bhoird liostáilte sa Bhuíochas). Tá ár gcairt foirne (mar a bhí ag deireadh Ráithe1, 2019) léirithe i bhFigiúr1. Tugtar faoi thaighde i bhfoirne beaga a bhíonn ag obair le chéile agus iad treoraithe ag Comhaltaí Taighde, le córais riachtanacha agus tacaíocht riaracháin curtha ar fáil ag ár bhfoireann riaracháin, ár riarthóir córas, agus ár leabharlannaí cúnta. Chun tuilleadh eolais a fháil ar fhoireann an FTO, féach <http://www.erc.ie/about/staff/>.

Figiúr 1. Struchtúr foirne an FTO ag Ráithe 1 2019



4 Faoi láthair: Staidéar ar Dhul Chun Cinn sa Litearthacht agus Léamh Idirnáisiúnta (SLLI), An Clár Idirnáisiúnta um Measúnú Daltaí (CIMD), agus Staidéar ar Threochtaí Idirnáisiúnta i Matamaitic agus in Eolaíocht (TIMSS).

5 Go príomha, Measúnachtaí Náisiúnta ar Mhatamaitic agus ar Léitheoireacht Bhéarla (MNMLB).

6 Mar shampla, anailís go leanúnach ar shonraí tirimh agus ar ionchur anailíseach TUSLA i samhail leithdháilte acmhainne na ROS do riachtanais speisialta oideachais.

An comhthéacs seachtrach

Mar a tharlaíonn le haon eagraíocht, bíonn an comhthéacs seachtrach a théann i bhfeidhm ar obair an FTO de shíor ag athrú agus ag éabhlú. Áirítear i measc na bhforbairtí a tharla le déanaí:

- Ráiteas Straitéise 2019-2021 nua ag an Roinn Oldeachais agus Scileanna mar thoradh ar cheapdh Aire Oideachais nua. Lean Plean Gníomhaíochta 2019 na Roinne ón bPlean Gníomhaíochta 2016-2019⁷ atá ann cheana.
- Creat oibre reachtúil atá ag teacht chun cinn agus athruithe sna socruithe rialachais.⁸
- Tionchair dhíreacha agus neamhdhíreacha a d'fhéadfadh a bheith ag an mBreatimeacht.
- Athruithe déimeagrafacha mar a bhaineann leis an bpobal foghlaimeoirí ag gach leibhéal den chóras oideachais.
- An t-aistriú ó thrialacha páipéar-bhunaithe go trialacha ar líne sa tástáil chaighdeánaithe náisiúnta agus i gcláir mheasúnuithe mhór-scála idirnáisiúnta a chruthaíonn impleachtaí d'infreastruchtúr na dteicneolaíochta digití, do chumas agus do mhúinín an úsáideora, do thástáil oiriúnaitheach agus do scálú tástálacha agus anailísí ar mhodheolaíochtaí.
- Raon méadaitheach na dteicneolaíochtaí agus na modheolaíochtaí atá ar fáil don anailís ar shonraí cainníochtúla agus cáilíochtúla, go ginearálta agus go sonrach araon, mar a bhaineann le taighde oideachasúil.
- Aitheantas méadaitheach do ról lárnach an fhoghlaimeora maidir le polasaithe agus tosaíochtaí oideachasúla a fhorbairt agus a fheidhmiú.
- Béim mhéadaitheach ar ról an mhúinteora mar thaighdeoir, agus firinne an scéil go bhfuil taighde fite fuaite le teagasc, foghlaim agus measúnú.

Dar linne, tá gá ag na comhthéacsanna seachtracha seo, ní hamháin don tuiscint leathan ar na gnéithe agus ar a n-idirspealachas, ach tá gá freisin le cur chuige comhoibríoch chun iad a thuiscint agus chun freagairt le taighde agus le haschuir eile a mbíonn tionchar bríoch acu ar pholasaí.

An comhthéacs inmheánach

Bíonn comhthéacs inmheánach an FTO ag idirghníomhú lena chomhthéacs seachtrach, ag cruthú timpeallachta a bhíonn spreagúil ach dúshlánach. Is iad na dúshlán reatha atá aitheanta le hardtosaíocht sa Straitéis seo ná:

- An gaol idir an FTO agus OCBÁC a shainiú trí phróiseas idirbheartaíochta le OCBÁC
- Réitigh a fháil ar na teorainneacha spáis i bpríomhfhoirgneamh an FTO (Ionraithe ar Champas Choláiste Naomh Pádraig OCBÁC) agus ar na socruithe léasachta do Roinn Tástála an FTO (Ionraithe ar Bhóthar Richmond, Droim Conrach)

7 Tá raon straitéisí agus tosaíochtaí náisiúnta mar bhonn taca ag an bPlean Gníomhaíochta don Oideachas, lena n-áirítear: [straitéis uile-rialtas do naionáin, leanaí óga agus a dteaghlaigh 2019-2028](#) nua, [An Straitéis Náisiúnta ar Lítearthacht agus Uimhearthacht don Fhoghlaim agus don Saol 2011-2020](#), [an An Straitéis Dhigiteach do Scoileanna 2015-2020](#), [Plean Gníomhaíochta DEIS 2017](#), forbairt agus athchóiriú curaclaim ag an [mbunleibhéal](#) agus ag an iar-bhunleibhéal [sóisearach](#) agus [sinsearach](#) araon, [An Polasáí ar Oideachas Gaeltachta 2017-2022](#), an [Polasáí Oideachais STEM 2017-2026](#), agus an [Creat Polasáí Breisoideachais agus Oiliúna 2018-2021](#).

8 Baineann na hathruithe seo go sonrach le comhthéacs an FTO, i.e. athrú ar shocruithe rialachais idir an FTO agus a máthair-roinn (An Roinn Oideachais agus Scileanna, ROS), ón Rannóg Beartas um Churacclam agus Measúnacht (RLB) chuig an Rannóg Lárionad Beartas (RLB), agus níos ginearálta freisin, i.e. an [Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí](#) (RGCS, Bealtaine 2018) a chomhréitíonn rialacha príobháideachais ar fud an AE agus a chuireann cosaint níos fearr ar fáil do chearta sonraí agus príobháideachas daoine aonair.

- Cur chuige struchtúrtha agus straitéiseach chuig obair an FTO i réimse an tástála/an mheasúnaithe
- Feabhsúchán sa chothromaíocht idir taighde coimisiúnaithe agus taighde a ghintear go neamhspleách (le béim níos mó ar an dara ceann)⁹
- Feabhsuithe ar cháilíocht, ábharthacht agus tionchar na n-aschur ón FTO
- Feabhsuithe ar infreastruchtúr agus ar rialachas teicneolaíochta an FTO
- Athbhreithniú agus feabhsúchán ar cheistanna a bhaineann leis an acmhainn foirne agus an struchtúr eagraíochtúil san FTO.

Maidir leis an bpointe deiridh thuas, is cóir a thuiscint go ndearnadh an Foras Riaracháin (FR) athbhreithniú neamhspleách ar an bhfoirniú agus an struchtúr eagrúcháin i rith R4 2018 agus R1 2019. Bainfear leas as an Athbhreithniú chun feidhmiú roinnt de ghníomhaíochtaí na Straitéise a threorú.

⁹ Faoi láthair, meastar go gcaitear 5-10% d'am oibre na foirne taighde ar thaighde a ghintear go neamhspleách.

Forbairt an Phlean Straitéisigh

Cur chuige comhoibríoch a bhain go bunúsach le forbairt an Phlean Straitéisigh inar tharla roinnt tréimhsí comhairliúcháin agus athbhreithnithe, sular foilsíodh é i mí na Márta 2019. Baineadh úsáid as Ordú Bunaíochta an FTO chun struchtúr uileghabhálach an Phlean Straitéisigh a threorú. I mí na Samhna 2018, thug Bord Rialaithe an FTO faomhadh do rianú ginearálta an Phlean. I mí na Nollag 2018, tionóladh comhairliúcháin thosaigh le foireann an FTO agus leis an ROS (RLB). Rinneadh an dréacht Phlean a athbhreithniú go himheánach sular cuireadh é faoi bhráid Bhord Rialaithe an FTO agus faoi bhráid na ROS (RLB) i mí Eanáir 2019 dá mbreithmheas. I mí Feabhra, rinneadh an plean a leasú i gcomhairle leis an FR. Rinne Bord Rialaithe an FTO, baill foirne sinsearacha an FTO agus gníomhaireachtaí páirtnéara (féach an liosta san Aguisín) athbhreithniú deiridh i mí Márta sular foilsíodh é.

Fís straitéiseach

Sármhaitheas maidir le taighde, meastóireacht agus measúnú oideachais a dhéanamh agus a thacú.

Cothóidh agus feabhsóidh an FTO a chuid oibre i réimsí a bhaineann le taighde agus meastóireacht oideachasúil go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, measúnachtaí a fhorbairt, agus tacú le scoileanna agus le lárionaid oideachais in úsáid na measúnachtaí seo.

Misean

Tá trí chuid ag baint lenár misean. Tagann an chéad dá cheann ón Ordú Bunaíochta agus tá an tríú ceann ann mar chur chuige riachtanach inar féidir ár bhfeidhmeanna a fheabhsú agus bonn eolais a chruthú dóibh ón gcomhoibriú le heagraíochtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta.

- 1.** *Taighde, measúnú agus staidéir mheastóireachta náisiúnta agus idirnáisiúnta, coimisiúnaithe agus ginte go neamhspleách, a bhíonn tráthúil, so-aimsithe agus ábhartha, ar gach gné den oideachas agus ag gach leibhéal den chóras oideachais, a dhéanamh agus a scaipeadh*
- 2.** *Measúinuithe ardcháilíochta a fhorbairt agus seirbhísí tacaíochta láidre don mheasúnú a sholáthar do scoileanna agus do lárionaid oideachais*
- 3.** *Comhoibriú le heagraíochtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta chun foghlaim a roinnt agus chun acmhainn agus saineolas a fhorbairt i ngach ceann de na réimsí thuasluaite.*

Luachanna

1. Tá ardluach againn ar cháilíocht, ábharthacht, inrochtaineacht agus tionchar ár gcuid oibre
2. Tá luach againn ar iontaoibh agus muinín an phobail ionainn agus táimid tiomanta do sheasamh leis an muinín sin
3. Tá luach agus meas againn ar fhoghlaimoírí, tuismitheoirí, oideachasóirí agus páirtithe leasmhara, agus ar a chéile freisin
4. Tá luach againn ar an infheistiú i saineolas, tacaíocht agus folláine na foirne
5. Tá ríthábhacht dar linn ag baint le hobair bhuíne, le caidrimh agus le hobair chomhoibríoch
6. Táimid tiomanta do luachanna na seirbhíse poiblí¹⁰.

Treoirphrionsabail

Tá éiteas agus foireann an Fhorais chomh tábhachtach céanna le hobair agus le haschuir an Fhorais. Tá ár gcuid oibre i ngach réimse agus ag gach leibhéal treoirithe ag na prionsabail seo a leanas:

1. Cáilíocht, ábharthacht agus tionchar

Pé acu an mbíonn ár gcuid oibre coimisiúnaithe ag an ROS (nó ag gníomhaireachtaí eile cosúil leis an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta [CNCM] nó an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta [CNOS]), nó más é an FTO féin a chuireann tús leis an obair, bíonn ardluach againn ar cháilíocht theicniúil na hoibre a dhéanaimid.

Ba chóir cáilíocht a phéireáil le hábharthacht agus rochtain d'úsáideoirí agus do pháirtithe leasmhara sa chóras oideachais agus ba chóir go mbeadh luach inbhraite ag ár dtaighde, ár meastóireacht agus ár measúnú do na spriocghrúpaí atá i gceist.

Tuigimid freisin gur féidir le tionchar a bheith déthreoch agus gur chóir dúinn breathnú lenár bpróisis agus ár n-aschuir araon a oiriúnú mar fhreagairt d'aiseolas ó pháirtnéirí agus ó pháirtithe leasmhara.

2. Cothromaíocht idir inbhuanaitheacht agus forbairt

I gcomhthéacs ár gcroíchlár oibre, caithfimid ár ngníomhaíochtaí a bhainistiú ar bhealach a thugann tosaíocht d'inbhuanaitheacht ach ag an am céanna forbairt a chothú i réimsí taighde, measúnaithe agus meastóireachta, mar aon leis na cleachtais agus na próisis atá mar bhonn taca leo. Tuigimid nach féidir le gníomhaíochtaí forbartha tarlú go réasúnta muna mbíonn íosleibhéal seasmhachta sa bhfoirniú agus cur chuige struchtúrtha, pleanáilte dár gcuid oibre a chuimsíonn léargas ilbhlianta.

¹⁰ Mar atá léirithe, mar shampla, san [Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stát a Rialú](#).

3. Ailíniú le tosaíochtaí náisiúnta, a mbíonn forbairtí náisiúnta agus idirnáisiúnta mar bhonn leo

Mar ghníomhaireacht reachtúil neamhspleách de chuid na Roinne Oideachais agus Scoileanna agus de réir ár sainordú mar atá leagtha síos ag an Ordú Bunaíochta, leanfaimid orainn ag comhlíonadh ár ngníomhaíochtaí thar ceann na Roinne. Dá réir sin, tá [Ráiteas Straitéise 2019-2021](#) na Roinne, mar aon le straitéisí agus polasaithe a bhain leis an ráiteas sin, mar bhonn lenár gCéad Phlean Straitéiseach, ach go háirithe *An Straitéis Náisiúnta ar Litearthacht agus Uimhearthacht don Fhoghlaim agus don Saol 2011-2020*, *An Ráiteas Polasaí Folláine, Plean DEIS 2017*, *An Polasaí don Oideachas Gaeltachta*, agus an *An Straitéis Dhigiteach do Scoileanna 2015-2020*. Cruthaíonn roinnt de na gníomhaíochtaí atá i bPlean Gníomhaíochta 2019 na Roinne bonn eolais do ghnéithe de chlár oibre an FTO sa 2-3 bliana atá le teacht, mar shampla:

- (Plean Gníomhaíochta na ROS 2019 Gníomhaíocht 1) An rollú-amach ar fheidhmiú Pholasaí Folláine na ROS a mhaoirsiú: *Rinne an ROS an FTO a choimisiniú chun maoirsiú a dhéanamh ar fhorbairt an chreata don fhoghlaim ghairmiúil do mhúinteoirí i réimse na folláine.*
- (Plean Gníomhaíochta na ROS 2019 Gníomhaíocht 10) “Straitéis Dhigiteach do Scoileanna 2015-2020” a fhorfheidhmiú chun teagasc, foghlaim agus measúnú a bhreisiú: *Rinne an ROS an FTO a choimisiúnú chun maoirsiú a dhéanamh ar staidéar fadtéarma ar an gCreat Foghlama Digití agus ar a fhorfheidhmiú i scoileanna.*
- (Plean Gníomhaíochta na ROS 2019 Gníomhaíocht 14) Meastóireacht a dhéanamh ar an Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta: *Beidh an mheastóireacht seo á dhéanamh/mhaoirsiú ag an FTO agus an ROS i gcomhpháirt.*
- (Plean Gníomhaíochta na ROS 2019 Gníomhaíocht 16) Plean DEIS a fhorfheidhmiú d’fhonn an bhearna i bhfeidhmíocht idir scoileanna DEIS agus scoileanna nach bhfuil in DEIS a dhúnadh, rátaí coinneála daltaí DEIS a mhéadú, agus rátaí dul chun cinn i measc daltaí DEIS chuig Ard-Oideachas agus Breisoideachas agus Breisoiliúint a mhéadú: *Leanfaidh an FTO ag obair go dlúth leis an ROS ar ghníomhaíochtaí leanúnacha meastóireachta agus tomhais bainteach le DEIS. Ábhar suntais go dtarlóidh, don chéad uair in 2020, go n-áireofar róshampláil ar scoileanna DEIS sna Measúnachtaí Náisiúnta ar Mhatamaitic agus ar Léitheoireacht Bhéarla (MNMLB) i mbunscoileanna, agus beifear ábalta, dá réir, sainchomparáidí a dhéanamh.*
- (Plean Gníomhaíochta na ROS 2019 Gníomhaíocht 17; 18) Forfheidhmiú Múnla Cuimsithe Scoile a chur ar aghaidh chun na tacaíochtaí cuí a sheachadadh ag an am ceart do dhaltaí le riachtanais chúraim bhreise; An múnla Múinteoir Oideachas Speisialta a leabú, a chuireann múnla leithdháilte aontaithe ar fáil do riachtanais teagaisc tacaíocht oideachais speisialta do gach scoil, bunaithe ar phróifíl oideachais na scoile, lena chinntiú go bhfuil tacaíocht ar fáil do gach dalta óna dteastaíonn sé: *Leanfaidh an FTO ag cur tacaíocht anailíseach ar fáil don ROS chun an múnla Múinteoir Oideachais Speisialta a sholáthar agus chun eolas a sholáthar do Scéim na gCúntóirí Riachtanas Speisialta.*

Leanfaimid lenár bhfeidhm neamhspleách a fhorbairt agus a chur chun cinn trí dhlúth-rannpháirtíocht a choinneáil ag na leibhéil náisiúnta agus idirnáisiúnta araon ionas gur féidir linn cur lenár gcumas cleachtais thaighde, mheastóireachta agus mheasúnaithe in Éirinn a threorú agus a thacú. Tiocfaidh roinnt de seo ón ár rannpháirtíocht i measúnachtaí mórscaála idirnáisiúnta, sa raon ó leibhéal na bunscoile go leibhéal na n-aosach, mar aon le

rannpháirtíocht/ionchuir i gcomhdhálacha agus i gceardlanna idirnáisiúnta, agus ón obair i gcomhpháirt le comhghleacaithe in eagraíochtaí eile, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.

I measc na bpríomhfhorbairtí todhchaí a mbeadh an FTO sár-oiriúnach chun iad a iniúchadh, tá:

- Dearadh agus anailís ar mheasúnú ríomhaire-bhunaithe
- Anailís agus forbairtí coincheapúla a cheadaíonn úsáid bhreise ar na tacair sonraí náisiúnta agus idirnáisiúnta atá ann cheana
- Ceangail idir thorthaí oideachasúla agus eile (m.sh. folláine).

4. Spiorad comhoibríoch i gceannaireacht agus in obair bhuíne

Creidimid go bhfuil comhoibriú ríthábhachtach i ngach gné dár gcuid oibre. Foghlaimimid óna chéile agus ó ghníomhaireachtaí seachtracha agus ó pháirtithe leasmhara araon, agus breathnaímid ar an bhfoghlaim, i gcomhpháirt mar thiomantóir don fheabhsúchán. Déantar an fhoireann shinsearach a ghríosadh agus a éascú chun treoir, meantóireacht agus tacaíocht a sholáthar don fhoireann shóisearach agus chun ceannaireacht agus dea-bhainistíocht a léiriú. Is fiúntas dúinn a bheith ag obair i mbuíonta mar gheall ar chastacht na ndúshlán a bhaineann leis an oideachas agus castacht na modhanna a bhíonn in úsáid do thaighde oideachasúil.

5. Ionchuimsitheacht agus meas

Bíonn ionchuimsitheacht agus meas mar bhuntaca le gach gné dár gcuid oibre agus is tréithe iad seo a bhaineann le prionsabal an spioraid chomhoibríoch. Mar aon leis sin, bíonn ardluach againn ar ár bhfeasacht agus ár n-íogaireacht don raon riachtanas agus ábhar spéise atá ag na grúpaí éagsúla laistigh den chóras oideachais, nó bainteach leis an gcóras.

Tá sé mar aidhm againn rochtain agus ábharthacht ár dtuarascálacha agus ár n-aschuir eile (m.sh. an láithreán gréasáin, trialacha caighdeánaithe agus doiciméid tacaíochta) a fheabhsú ionas gur féidir linn ionchuimsitheacht agus meas níos iomláine a léiriú ar ár bpobail dhifriúla.

Tréimhsí na straitéise

Tá ár bPlean Straitéiseach leagtha amach againn thar thrí thréimhse a thiteann go leathan de réir na mblianta féilire:

2019: Aistriú – beidh tosaíocht agus fócas againn ar na haistrithe éagsúla atá ag tarlú laistigh den FTO féin agus idir an FTO agus gníomhaireachtaí agus páirtithe leasmhara eile. Ina measc tá:

- an t-aistriú i mbunscoileanna go leaganacha uasdátaithe de thrialacha páipéar agus an t-aistriú i mbunscoileanna go leaganacha ár dtrialacha ar líne, mar aon leis an bhféidearthacht go dtiocfaidh méadú ar líon na bhfoghlaimoírí ag an iar-bhunleibhéal a ghlacfaidh lenár dtrialacha
- an t-aistriú ar shocruithe rialachais idir an FTO agus an ROS ón BCM go dtí an RLB
- an dul chun cinn leis na socruithe oibre idir an FTO agus OCBÁC ó stádas aistrithe chuig stádas níos fadtréimhsí
- athruithe a tharla le déanaí ar an bhfoireann san FTO agus na haistrithe is gá ón bhfoireann atá ann cheana agus ón bhfoireann nua.

2020: Daingniú – beidh tosaíocht agus fócas againn ar na gníomhaíochtaí atá liostáilte faoi 2019 thuas a dhaingniú, ag ullmhú an tslí dá reir don fhorbairt i 2021. Beidh 2020 mar thréimhse freisin chun ár socruithe rialachais a dhaingniú, mar shampla mar a bhaineann siad le hiniúchóireacht, bainistíocht riosca agus cumarsáid sheachtrach.

2021: Forbairt bhreise – tar éis dul i gcomhairle le páirtithe leasmhara, déanfaimid iarracht feabhsuithe straitéiseacha a aithint agus a chur i bhfeidhm sa taighde, sa mheastóireacht agus sa mheasúnú. Faoin am seo, beidh sé i gceist againn snáithe anailíse/meodheolaíochta feabhsaithe a bheith againn mar aon le cur chuige struchtúrtha, straitéiseach i leith na tástála/an mheasúnaithe a bheidh ceangailte le hobair, choimisiúnaithe agus ghinte go neamhspleách, an FTO .

Spriocanna agus torthaí 2019–2021

Eascaíonn ár spriocanna ó thrí chuspóir ardleibhéal:

- 1.** Ár mbonn foirne agus ár dtimpeallacht fhisiceach a chobhsú agus a fheabhsú
- 2.** Cur chuige inbhuanaithe agus straitéiseach a ghnóthú ó thaobh trialacha a fhorbairt, anailís agus taighde coimisiúnaithe agus ginte go neamhspleách araon
- 3.** Leanúint le struchtúir rialachais láidre agus trédhearcacha a fhorbairt agus a fheabhsú.

Tá cur síos thíos ar ár ndeich sprioc ardleibhéal agus na torthaí atá beartaithe.

Spriocanna

- 1.** Tógáil ar an athbhreithniú neamhspleách ar ár struchtúr foirne agus eagraíochta chun ár mbonn foirne a chobhsú agus a fheabhsú
- 2.** Struchtúr inbhuanaithe uileghabhálach a bhaint amach chun an clár oibre a phleanáil
- 3.** Tuilleadh acmhainne agus saineolais a fhorbairt i measc na foirne
- 4.** Cothromaíocht níos fearr a bhaint amach idir taighde coimisiúnaithe agus taighde a ghintear go neamhspleách
- 5.** Straitéis a bhunú do ghníomhaíochtaí anailíse agus modheolaíochta
- 6.** Oibriú leis an ROS agus le páirtneirí eile, chun straitéis a bhunú le trialacha agus measúnachtaí an FTO a fhorbairt agus a leasú
- 7.** Feabhsuithe a aithint agus a dhéanamh ar ár n-aschuir (tuairiscí, láithreán gréasáin, trialacha agus na hábhair thacaíochta a ghabhann leo)
- 8.** Oibriú leis an ROS agus le OCBÁC, chun comhaontú leibhéal-seirbhíse fadtéarma a bhunú idir an FTO agus OCBÁC
- 9.** Tús a chur leis na feabhsuithe is gá a dhéanamh ar infreastruchtúr fhisiceach agus teicneolaíochta an FTO
- 10.** Ár struchtúir rialachais a threisiú.

Torthaí

- 1.** Leibhéal foirne feabhsaithe le hardleibhéal folláine, rannpháirtíochta agus éifeachtachta
- 2.** Clár oibre dea-phleanáilte, struchtúrtha a sholáthraíonn na spriocanna go leibhéal ardcháilíochta ar bhonn leanúnach
- 3.** Foireann a oibríonn i gcomhar le chéile chun leibhéal saineolais a fheabhsú de shíor
- 4.** Corpas méadaitheach taighde agus anailíse, a ghintear go neamhspleách, ar mhodheolaíochtaí atá ag teacht chun cinn agus ar choincheapanna atá tagtha chun tosaigh agus a mbíonn ionchur acu ina dhiaidh sin i bhfeabhsuithe ar thaighde coimisiúnaithe
- 5.** Sraith tosaíochtaí, a shainmhínítear go soiléir, chun dul chun cinn agus forbairt chomhtháite a threorú ar anailís agus ar ghnéithe modheolaíochta eile dár gcuid oibre
- 6.** Sraith measúnachtaí ardcháilíochta agus ábhartha a uasdátaítear go rialta, a bhíonn ag teacht le barrchleachtas idirnáisiúnta agus a fhreastalaíonn ar riachtanais an chórais, mar aon le riachtanais scoileanna, múinteoirí, tuismitheoirí agus foghlaimoirí
- 7.** Tuarascálacha agus aschuir den scoth, ar féidir teacht orthu go héasca (m.sh. trialacha agus na hacmhainní tacaíochta a ghabhann leo) a bhfuil ciall agus tionchar ag baint leo
- 8.** Comhaontú leibhéal-seirbhíse le OCBÁC a chruthaíonn struchtúr agus seasmhacht do phárolla, pinsean, leabharlann agus do sheirbhísí riachtanacha eile
- 9.** Ionad atá feabhsaithe go rímhór ó thaobh timpeallachtaí na n-infreastruchtúr fisiceach agus teicneolaíochta le cur ar chumas na foirne obair den scoth a sholáthar go héifeachtach
- 10.** Eagraíocht a léiríonn lán-chomhlíontacht le Cód Cleachtais 2016 agus a chloíann le riachtanais a máthaireagraíocht, an Roinn Oideachais agus Scileanna (ROS).

Gníomhaíochtaí 2019–2021

Tá fáil thíos ar shraith gníomhaíochtaí faoi gach ceann de naoi bpríomhréimse. Clúdaíonn réimsí 1-7 ár seacht snáitheanna oibre, clúdaíonn réimse 8 comhairliúchán na bpáirtithe leasmhara agus déanann réimse 9 cur síos ar ár dtosaíochtaí straitéiseacha rialachas-bhunaithe. Ní dhearnamar na 10 gcinn de spriocanna agus torthaí a cheangal go sonrach leis na gníomhaíochtaí sa chuid seo toisc go bhfuil, go minic, gaol ceann-go-hiliomad idir spriocanna agus gníomhaíochtaí.

1. An clár um measúnú idirnáisiúnta

- **1a:** Ardchaighdeán a choinneáil i bhforbairt, obair allamuigh, anailís agus tuairisciú¹¹
- **1b:** TIMSS 2019, PIRLS 2021 agus PISA 2021 a fheidhmiú go sásúil
- **1c:** Tús a chur le hobair ar TIMSS 2023 agus PISA 2024
- **1d:** Tuairisciú a fheabhsú chun freastal níos fearr ar riachtanais na bpáirtithe leasmhara
- **1e:** Féidearthacht agus luach na rannpháirtíochta i gclár nua don mheasúnú idirnáisiúnta a dheimhniú, ar nós an Staidéar Idirnáisiúnta ar Litearthacht um Eolas Ríomhaireachta (ICILS 2023).

2. An clár um measúnú náisiúnta

- **2a:** Ardchaighdeán a choinneáil i bhforbairt, obair allamuigh, anailís agus tuairisciú¹²
- **2b:** An comhtháthú ar ghnéithe de mheastóireacht DEIS chuig MNMLB 2020 a bhainistiú go sásúil
- **2c:** Tuairisciú a fheabhsú chun freastal níos fearr ar riachtanais na bpáirtithe leasmhara.

3 Trialacha a fhorbairt, a chaighdeánú agus a thacú

- **3a:** Na haistrithe ó thrialacha páipéar-bhunaithe sean go nua agus ó thrialacha páipéar go trialacha ar líne a bhainistiú¹³
- **3b:** Ár n-árdán tástála ar líne a athbhreithniú agus a uasdátú, de réir mar is gá
- **3c:** Tabhairt faoi obair nua ar thrialacha a fhorbairt
- **3d:** Rannpháirtíocht le húsáideoirí tástála a fheabhsú (múinteoirí, foghlaimeoirí, príomhoidí, tuismitheoirí) (féach Gníomhaíocht 8a-c, thíos)
- **3e:** An tacaíocht tástála a sholáthraítear do scoileanna agus do lárionaid oideachais eile a chothabháil agus a fheabhsú
- **3f:** Straitéis rollach/leanúnach d'fhorbairt trialach agus do mheasúnú a bhunú i gcomhairle le páirtithe leasmhara, ina measc uasdátú go rialta ar thrialacha atá ann cheana, mar is gá.

11 Tá 'ardchaighdeán' ag tagairt don bhforleanúint le dlúthchaighdeán theicniúla idirnáisiúnta a bhaineann le gach tréimhse d'fheidhmiú staidéir. Tá sé i gceist staidéir PISA 2018 a fhoilsiú do R4 2019 le tuairisciú do TIMSS 2019 in R4 2020.

12 Ar aon dul le 1a, is gá cloí le caighdeán theicniúla náisiúnta ar ghnéithe éagsúla de mheasúnuithe náisiúnta, lena n-áirítear sampláil agus rátaí freagartha.

13 Baineann an ghnóthachtáil anseo le feidhmiú rathúil na lóistíochtaí casta bainteach le dáileadh, scóráil agus tacaíocht do thrí chóras tástála a bhíonn á reachtáil go comhthreomhar (sean-trialacha páipéar, nua-thrialacha páipéar, agus trialacha ar líne).

4. Míbhuntáiste oideachasúil

- **4a:** Clár oibre iomlán 2019-2021 a dheimhniú maidir le plean agus spriocanna DEIS 2017 i gcomhairle leis an páirtneír agus na gníomhaireachtaí ábhartha
- **4b:** Tuairisciú ar na gnóthachtálacha ag foghlaimoír DEIS bunaithe ar DEIS/MNMLB 2020
- **4c:** An clár oibriú don mhíbhuntáiste oideachasúil a chur i bhfeidhm agus tuairisciú air.

5. Meastóireacht clár (tionscadail nua 2019–2021)

- **5a:** Téarmaí tagartha do chlár nua staidéir mheastóireachta a aontú le rannóga ábhartha den ROS¹⁴
- **5b:** Clár staidéir mheastóireachta a chomhlánú go sásúil de réir na dtéarmaí tagartha a bhaineann le gach ceann acu
- **5c:** Naisc agus téamaí comónta idir na staidéir mheastóireachta a aithint mar bhonn eolais d'obair thodhchaí.

6. Anailís, acmhainn a mhéadú agus scileanna a fhorbairt

- **6a:** Tógáil ar athbhreithniú an FR ar an struchtúr foirne agus eagraíochta agus ar fhoinse eile (m.sh. breithmheasanna feidhmíochta, comhairliúchán foirne), chun plean struchtúrtha a bhunú le hacmhainní a mhéadú agus scileanna a fhorbairt (féach freisin 9c)
- **6b:** Ardchaighdeáin a choinneáil i dtionscadail atá ann cheana a sholáthraíonn tacaíocht anailíseach (m.sh. anailís ar shonraí tinrimh TUSLA, anailís chun tacú leis an leithdháileadh ar acmhainní do riachtanais speisialta oideachais)
- **6c:** Tacaíocht a chothabháil do staidéir PhD atá ann cheana agus do shnáitheanna atá ann cheana ar thaighde a ghintear go neamhspleách¹⁵
- **6d:** Deiseanna straitéiseacha a aithint chun tacaíocht anailíseach a leathnú go gníomhaireachtaí eile
- **6e:** Athbhreithniú ar riachtanais agus ar thosaíochtaí anailíseach an FTO
- **6f:** Straitéis anailíseach an FTO a dheimhniú, lena n-áirítear foinsí sonraí féideartha nua a fhiosrú.

7. Feidhmeanna neamhspleácha

- **7a:** Bealaí a aithint chun taighde a ghintear go neamhspleách a fhorbairt agus a thacú, go háirithe le hanailís thánaisteach (trí straitéis anailíseach an FTO, 6f)
- **7b:** Deiseanna a lorg/fhreagairt go gníomhach do shnáitheanna nua den obair a ghintear go neamhspleách i gcomhairle agus i gcomhpháirt le gníomhaireachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta
- **7c:** Irish Journal of Education (IJE) a athsheoladh
- **7d:** Foilsiú agus fáil ar obair na foirne san FTO, a ghintear go neamhspleách, a mhéadú (m.sh. trí chomhdhálacha, ailt in irisleabhair náisiúnta agus idirnáisiúnta)

¹⁴ Do 2019, cuimsíonn siad seo meastóireacht ar an gCreat Foghlama Digití, ar chreat don Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach (folláine), agus an Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta.

¹⁵ Mar atá ag R1, 2019, tá triúr ball foirne gafa le staidéir PhD: féach <http://www.erc.ie/programme-of-work/independent-research/>.

- **7e:** Taighde a ghintear go neamhspleách a fhí isteach go sonrach sa chlár oibre trí phleanáil struchtúrtha, tráthúil ar obair a bhíonn coimisiúnaithe ag an ROS agus ag gníomhaireachtaí eile.

8. Rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara

- **8a:** Trí chomhairliúchán le grúpaí agus gníomhaireachtaí, tuairimí a fháil agus a shainscagadh ar aschuir an FTO (tuarascálacha, cuir i láthair, srl.) agus measúnuithe
- **8b:** Mar fhreagairt ar chomhairliúcháin, tosaíochtaí straitéiseacha a fhí isteach sa phleanáil straitéiseach ar mheasúnú agus ar aschuir
- **8c:** Straitéis chomhairliúcháin a fhorbairt gach trí bliana le páirtithe leasmhara.

9. Seirbhísí rialachais agus corporáideacha

- **9a:** Comhaontú leibhéal-seirbhíse fadtéarma a bhunú idir an FTO agus OCBÁC le comhaontú tripháirteach idir OCBÁC, an FTO agus an ROS, ag cur san áireamh riachtanais fhorbartha todhchaí an FTO
- **9b:** Stádas fadtéarma a ghnóthú don Roinn tástála (lonnaithe ar Bhóthar Richmond, Droim Conrach)
- **9c:** Freagairt go straitéiseach d'athbhreithniú foirne an FR i gcomhthéacs na n-athruithe agus na bhforbairtí ar chomhthéacsanna inmheánacha agus seachtracha an FTO (féach freisin 6a)
- **9d:** Feidhmeanna acmhainní daonna (HR) a fheabhsú mar aon le hathbhreithniú iomlán a dhéanamh ar na próisis reatha agus freagairt dóibh seo chun ailíniú le barrchleachtas a dheimhniú
- **9e:** Feasacht a ardú ar obair an FTO
- **9f:** Leanúint leis an bhfeidhm comhlíontachta a mhonatóireacht ar aon dul leis an gCód Cleachtas chun Comhlachtaí Stát a Rialú 2016
- **9g:** Clárú agus bainistiú riosca a fheabhsú trí fheidhm iniúchóireachta inmheánach agus ról maoirseachta an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca a fhorbairt.
- **9h:** Leanúint le hathbhreithniú rialta ar ghníomhaíochtaí airgeadais a dheimhniú ar aon dul le barrchleachtas.

Gníomhaíochtaí a bhaint amach

Sa chuid seo déantar na gníomhaíochtaí thuasluaite a rianadh agus ceanglaítear gach ceann le tréimhsí na straitéise (aistriú, daingniú, forbairt bhreise, leantach). Trasnáíonn roinnt de na gníomhaíochtaí níos mó ná tréimhse straitéiseach amháin agus tá mapáil ceann-go-hiliomad idir na gníomhaíochtaí agus na spriocanna ardleibhéal. Mar gheall ar an mapáil ceann-go-hiliomad seo, níl spriocanna ceangailte go sonrach le gníomhaíochtaí. Chun an t-athbhreithniú agus an mhonatóireacht a éascú, tá an fhocalíocht socraithe ar shlí gur féidir a rá go bhfuil sé sroichte/neamhshroichte (nó i gcúinsí áirithe, m.sh. constaicí gan choinne, curtha ar athló nó curtha ar ceal).

Snáithe agus gníomhaíocht	Fráma Ama	Tréimhse	Nótaí
1: An clár um measúnú idirnáisiúnta			
1a: Ardchaighdeáin a choinneáil i bhforbairt, obair allamuigh, anailís agus tuairisciú	Leantach	Leantach	Measta i gcoinne chaighdeáin theicniúla idirnáisiúnta
1b: TIMSS 2019, PIRLS 2021 agus PISA 2021 a fheidhmiú go sásúil	Leantach	Leantach	Measta i gcoinne chaighdeáin theicniúla idirnáisiúnta
1c: Tús a chur le hobair ar TIMSS 2023 agus PISA 2024	R1-R2 2021	Forbairt bhreise	Is dócha go ndéanfar TIMSS 2023 a aistriú go measúnú ríomhaire-bhunaithe
1d: Tuairisciú a fheabhsú chun freastal níos fearr ar riachtanais na bpáirtithe leasmhara	An chéad tuairisciú náisiúnta ar an sceideal do R4 2020 (TIMSS) agus R4 2022 (PIRLS agus PISA)	Daingniú; Forbairt bhreise	Féach 8, thíos
1e: Féidearthacht agus luach na rannpháirtíochta i gcláir nua don mheasúnú idirnáisiúnta a dheimhniú, ar nós an Staidéar Idirnáisiúnta ar Litearthacht um Eolas Ríomhaireachta (ICILS 2023)	2021	Forbairt bhreise	Ag brath ar a mhéid agus is féidir TIMSS 2023 agus ICILS 2023 a chomhtháthú
2: An clár um measúnú náisiúnta			
2a: Ardchaighdeáin a choinneáil i bhforbairt, obair allamuigh, anailís agus tuairisciú	Leantach	Leantach	Measta i gcoinne chaighdeáin theicniúla náisiúnta
2b: An comhtháthú ar ghnéithe de mheastóireacht DEIS chuig MNMLB 2020 a bhainistiú go sásúil	Leantach	Leantach	Measta i gcoinne chaighdeáin theicniúla náisiúnta
2c: Tuairisciú a fheabhsú chun freastal níos fearr ar riachtanais na bpáirtithe leasmhara	An chéad tuairisciú ar an sceideal do R2 2021	Daingniú; Forbairt bhreise	Féach 8, thíos

Snáithe agus gníomhaíocht	Fráma Ama	Tréimhse	Nótaí
3: Trialacha a fhorbairt, a chaighdeánú agus a thacú			
3a: Na haistrithe ó thrialacha páipéar-bhunaithe sean go nua agus ó thrialacha páipéar go trialacha ar líne a bhainistiú	2019-2020	Aistriú	Deireadh le cur de réir a chéile leis na sean-trialacha páipéar-bhunaithe faoi R2 2020
3b: Ár n-árdán tástála ar líne a athbhreithniú agus a uasdátú, de réir mar is gá	R2 2019-R1 2020	Aistriú	
3c: Tabhairt faoi obair nua ar thrialacha a fhorbairt	2021	Forbairt bhreise	Forbairt na dtrialacha atá ann faoi láthair do léitheoireacht agus matamaitic na bunscoile, agus trialacha do réasúnú spásúil, léitheoireacht, matamaitic trí Ghaeilge agus Gaeilge (do Ghaelcholáistí) le críochnú R1-R2 2019. Obair nua ar thrialacha a fhorbairt le tarlú in 2021 i ndiaidh 8, thíos
3d: Rannpháirtíocht le húsáideoirí tástála a fheabhsú (múinteoirí, foghlaimoirí, príomhoidí, tuismitheoirí) (féach Gníomhaíocht 8a-c, thíos)	2021	Forbairt bhreise	Féach 8, thíos
3e: An tacaíocht tástála a sholáthraítear do scoileanna agus do lárionaid oideachais eile a chothabháil agus a fheabhsú	2019-2020	Daingniú	Láithreán gréasáin an FTO le feabhsú agus leanúint le seisiúin buail-isteach do scoileanna; tacaíocht ar an bhfón le feabhsú
3f: Straitéis rollach/leanúnach d'fhorbairt trialach agus do mheasúnú a bhunú i gcomhairle le páirtithe leasmhara, ina measc uasdátú go rialta ar thrialacha atá ann cheana, mar is gá	R1 2021	Forbairt bhreise	Ag eascairt ó 8, thíos, agus i gcomhairle leis an ROS
4: Míbhuntáiste oideachasúil			
4a: Clár oibre iomlán 2019-2021 a dheimhniú maidir le plean agus spriocanna DEIS 2017 i gcomhairle leis an páirtnéirí agus na gníomhaireachtaí ábhartha	R1-2 2019	Aistriú	
4b: Tuairisciú ar na gnóthachtálacha ag foghlaimoirí DEIS bunaithe ar DEIS/MNMLB 2020	An chéad tuairisciú ar an sceideal do R2 2021	Forbairt bhreise	
4c: An clár oibriú don mhíbhuntáiste oideachasúil a chur i bhfeidhm agus tuairisciú air	2020-2021	Daingniú; Forbairt bhreise	Monatóireacht agus meastóireacht le tarlú i gcoinne chlár oibre 2019-2021

Snáithe agus gníomhaíocht	Fráma Ama	Tréimhse	Nótaí
5: Meastóireacht clár (tionscadail nua 2019–2021)			
5a: Téarmaí tagartha do chlár nua staidéir mheastóireachta a aontú	R1 2019	Aistriú	Trí thionscadal nua i gceist: meastóireacht náisiúnta ar an gCreat Foghlama Digiú; meastóireacht ar FGL don fholláine; meastóireacht ar an Scéim Aitheantais Gaeltachta (gach ceann acu ag tarlú thar thréimhse trí bliana go neasach)
5b: Clár staidéir mheastóireachta a chomhlánú go sásúil de réir na dtéarmaí tagartha a bhaineann le gach ceann acu	2019–2021	Daingniú; Forbairt bhreise	Monatóireacht agus meastóireacht le tarlú i gcomhthéacs na dtéarmaí tagartha
5c: Naisc agus téamaí comónta idir na staidéir mheastóireachta a aithint mar bhonn eolais d'obair thodhchaí	2021	Forbairt bhreise	Naisc straitéiseacha agus téamaí comónta le haithint i measc na meastóireachtaí
6: Anailís, acmhainn a mhéadú agus scileanna a fhorbairt			
6a: Tógáil ar athbhreithniú an FR ar an struchtúr foirne agus eagraíochta agus ar fhoinse eile (m.sh. breithmheasanna feidhmíochta, comhairliúcháin foirne), chun plean struchtúrtha a bhunú le hacmhainní a mhéadú agus scileanna a fhorbairt	2019	Aistriú	Féach 9c freisin
6b: Ardchaighdeán a choinneáil i dtionscadail atá ann cheana a sholáthraíonn tacaíocht anailíseach	Leantach	Leantach	
6c: Tacaíocht a chothabháil do staidéir PhD atá ann cheana agus do shnáitheanna atá ann cheana ar thaighde a ghintear go neamhspleách	Leantach	Leantach	Faoi láthair, tá trí bhall d'fhoireann an FTO i mbun staidéir PhD (http://www.erc.ie/programme-of-work/independent-research/)
6d: Deiseanna straitéiseacha a aithint chun tacaíocht anailíseach a leathnú go gníomhaireachtaí eile	2020–2021	Forbairt bhreise	D'fhéadfadh obair eile a bheith i gceist i leibhéal sa chóras lasmuigh den bhunleibhéal agus den iar-bhunleibhéal
6e: Athbhreithniú ar riachtanais agus ar thosaíochtaí anailíseach an FTO	R3–4 2019	Aistriú	Cuifear san áireamh breithmheasanna feidhmíochta, maírisí scileanna, comhairliúcháin leis an bhfoireann agus athbhreithniú foirne agus eagraíochta an FR
6f: Straitéis anailíseach an FTO a dheimhniú, lena n-áirítear foinsí sonraí féideartha nua a fhiosrú	R2 2020	Forbairt bhreise	Forbairt acmhainne, tosaíochtaí anailíseach agus tuairiscithe, snáitheanna nua féideartha don obair anailíseach le cur san áireamh; féach freisin 8b, thíos

Snáithe agus gníomhaíocht	Fráma Ama	Tréimhse	Nótaí
7: Feidhmeanna neamhspleácha			
7a: Bealaí a aithint chun taighde a ghintear go neamhspleách a fhorbairt agus a thacú, go háirithe trí anailís-thánaisteach (trí straitéis anailíseach an FTO, 6f)	2020-2021	Forbairt bhreise	Féach 6f, thuas
7b: Deiseanna a lorg/fhreagairt go gníomhach do shnáitheanna nua den obair a ghintear go neamhspleách i gcomhairle agus i gcomhpháirt le gníomhaireachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta	2020-2021	Forbairt bhreise	Féach 6d-f, thuas
7c: Irish Journal of Education (IJE) a athsheoladh	R4 2020	Forbairt bhreise	Ina mbeidh treoirínte feabhsaithe do thaiscthí agus gairm ar ailt mar aon le bord eagarthóireachta níos leithne
7d: Foilsiú agus fáil ar obair na foirne san FTO, a ghintear go neamhspleách, a mhéadú (m.sh. trí chomhdhálacha, ailt in irisleabhair náisiúnta agus idirnáisiúnta)	2020-2021	Daingniú; Forbairt bhreise	Féach 6d, thuas
7e: Taighde a ghintear go neamhspleách a fhí isteach go sonrach sa chlár oibre trí phleanáil struchtúrtha, tráthúil ar obair a bhíonn coimisiúnaithe ag an ROS agus ag gníomhaireachtaí eile	Leantach	Daingniú; Forbairt bhreise	Próiseas pleanála feabhsaithe idir an FTO agus RLB le comhaontú ó R1 2019
8: Comhairliúchán le páirtithe leasmhara			
8a: Trí chomhairliúchán le grúpaí agus gníomhaireachtaí, tuairimí a fháil agus a shaincagadh ar aschuir an FTO (tuarascálacha, cuir i láthair, srl.) agus measúnuithe	2019- 2020	Daingniú	
8b: Mar fhreagairt ar chomhairliúcháin, tosaíochtaí straitéiseacha a fhí isteach sa phleanáil straitéiseach ar mheasúnú agus ar aschuir.	2020	Forbairt bhreise	Féach 6d, thuas freisin
8c: Straitéis chomhairliúcháin a fhorbairt gach trí bliana le páirtithe leasmhara	2020	Forbairt bhreise	

Snáithe agus gníomhaíocht	Fráma Ama	Tréimhse	Nótaí
9: Rialachas			
9a: Comhaontú leibhéal-seirbhíse fadtéarma a bhunú idir an FTO agus OCBÁC le comhaontú trípháirteach idir OCBÁC, an FTO agus an ROS, ag cur san áireamh riachtanais fhorbartha todbhaí an FTO	2019	Aistriú	Tá gá le comhaontuithe gearrthéarma do roinnt gnéithe den seirbhís do R1-2 2019
9b: Stádas fadtéarma a ghnóthú don Roinn tástála (lonnaithe ar Bhóthar Richmond, Droim Conrach)	2019	Aistriú	Mar chuid de 9a
9c: Freagairt go straitéiseach d'athbhreithniú foirne an FR i gcomhthéacs na n-athruithe agus na bhforbairtí ar chomhthéacsanna inmheánacha agus seachtracha an FTO	Ó R1 2019	Aistriú; Daingniú	Is dócha go mbeidh sé seo mar shraith chéimnithe tosaíochtaí thar 2019 agus 2020
9d: Feidhmeanna acmhainní daonna (HR) a fheabhsú mar aon le hathbhreithniú iomlán a dhéanamh ar na próisis reatha agus freagairt dóibh seo chun ailíniú le barrchleachtas a dheimhniú	2019	Aistriú	
9e: Feasacht a ardú ar obair an FTO	Leantach	Leantach	Mar chuid de 8, 6d, agus feabhsuithe ar láithreán gréasáin an FTO agus bealaí na meáin Shóisialta
9f: Leanúint leis an bhfeidhm comhlíontachta a mhonatóireacht ar aon dul leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stát a Rialú	Leantach	Leantach	Le hathbhreithniú go ráithiúil ag bord rialaithe agus ag coiste iniúchóireachta & riosca an FTO
9g: Clárú agus bainistiú riosca a fhorbairt trí fheidhm iniúchóireachta inmheánach	Leantach	Daingniú	Le hathbhreithniú go ráithiúil ag bord rialaithe agus ag coiste iniúchóireachta & riosca an FTO
9h: Leanúint le hathbhreithniú rialta ar ghníomhaíochtaí airgeadais a dheimhniú ar aon dul le barrchleachtas	Leantach	Leantach	Le hathbhreithniú go ráithiúil ag bord rialaithe agus ag coiste iniúchóireachta & riosca an FTO

Athbhreithniú agus monatóireacht

Mar atá luaite sa chuid roimhe seo, tá foclaíocht na ngníomhaíochtaí curtha ar bhealach a éascaíonn meastóireacht sroichte/neamshroichte/ar athló. Déanfar athbhreithniú agus monatóireacht go leanúnach maidir le spriocanna agus gníomhaíochtaí na Straitéise ag trí leibhéal:

- Cruinnithe inmheánacha an FTO maidir le bainistíocht tionscadal, gach 6 seachtaine.
- Cruinnithe inmheánacha go rialta idir na taighdeoirí sinsearacha, an riarthóir sinsearach agus an Príomhfheidhmeannach.
- Athbhreithniú ráithiúil (ar a laghad) ar dhul chun cinn na Straitéise ag cruinnithe Bhord Rialaithe an FTO.

Bainfear úsáid as doiciméad oibre lárnach chun clárú agus monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn i gcoinne sraith príomhtháscairí feidhmíochta, amlínte agus meadrachtaí ábhartha eile.

Tarlóidh an t-athbhreithniú agus an mhonatóireacht ar na gníomhaíochtaí straitéiseacha bunaithe freisin ar an doiciméad straitéise agus pleanála atá le forbairt laistigh den bhfráma ama trí-bliana, i.e.

- Comhaontuithe um Mhaoirsiú agus Soláthar Feidhmíochta leis an ROS.
- Straitéis an FTO maidir le trialacha a forbairt.
- Clár oibre DEIS 2019-2021 ag an FTO.
- Téarmaí tagartha do mheastóireachtaí clár (tionscadail nua 2019-2021).
- Straitéis anailíseach an FTO.
- Tosaíochtaí straitéiseacha an FTO don mheasúnú agus d'aschuir mar thoradh ar chomhairliúcháin le páirtithe leasmhara.

Aguisín: An liosta comhlachtaí agus gníomhaireachtaí a fuair cuireadh an plean a athbhreithniú

COGG (An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta)	www.cogg.ie
ÚAO (HEA) (An tÚdarás um Ard-Oideachas)	www.hea.ie
CTÉ (IRC) (An Chomhairle um Thaighde in Éirinn)	www.research.ie
Léargas	www.leargas.ie
LNTO (Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas)	www.ncge.ie
CNCM (NCCA) (An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta)	www.ncca.ie
CNOS (An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta)	www.ncse.ie
CCÉ (Dearbhú Cálíochta agus Cálíochtaí Éireann)	www.qqi.ie
Skillnet	www.skillnetireland.ie
Solas	www.solas.ie
CSS (SEC) (Coimisiún na Scrúduithe Stáit)	www.examinations.ie
CMMÉ (Cumann na Meánmhúinteoirí, Éire)	www.asti.ie
AMÉ (Aontas Múinteoirí Éireann)	www.tui.ie
CMÉ (Cumann Múinteoirí Éireann)	www.into.ie
IO (Institiúid Oideachais, OCBÁC)	www.dcu.ie/institute_of_education/index.shtml
CARPE (Ionad do Thaighde ar Mheasúnú, Polasaí agus Cleachtas san Oideachas, OCBÁC)	www.dcu.ie
CNT (NPC) B (Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí, Bunleibhéal)	www.npc.ie
CNT (NPC) IB (Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí, Iar-Bhunleibhéal)	http://www.npcpp.ie/
CNPPT (NAPD) (Cumann Náisiúnta Príomhoidí agus Príomhoidí Tánaisteacha)	www.napd.ie
CCB (JMB) (Comhchoiste na mBainisteoirí)	www.jmb.ie
LPÉ (IPPN) (Líonra Príomhoidí Éireann)	www.ippn.ie
An Chomhairle Mhúinteoireachta	www.teachingcouncil.ie



**Educational
Research Centre**

Foras Taighde ar Oideachas

An Foras Taighde ar Oideachas,
Campas Choláiste Naomh Pádraig OCBÁC,
Droim Conrach, Áth Cliath 9, D09 AN2F

Márta 2019

www.erc.ie

@ERC_irl

info@erc.ie

+353 1 837 3789